| 48. | Shwe Kyein (ar a dtugtar freisin U Shwe Kyein) | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Insene: fireann | <p>Is comhalta den State Administrative Council (SAC) é Shwe Kyein, ón 30 Márta 2021.</p> <p>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, coup i Maenmar/Burma, trí neamhaird a thabhairt ar thorthaí na dtoghchán a réachtáladh an 8 Samhain 2020 agus an rialtas a toghadh go daonlathach a threascairt. Mar chuid den coup sin, dhearbhaigh an Leas-Uachtarán Myint Swe, ag feidhmiú dó mar Uachtarán Gníomhach, staid éigeandála an 1 Feabhra agus d'aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit chuig Ardcheannasaí na Defence Services an tArd Ghinearál Min Aung Hlaing. An 2 Feabhra 2021, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.</p> <p>Agus é ina chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag U Shwe Kyein leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna Stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhri sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinní lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus tionól síochánta.</p> <p>Tá sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine á ndéanamh go leanúnach ón 1 Feabhra 2021 ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata atá faoi rialú ag SAC, trí agóideoirí sibhialta neamharmáilte a mharú, trí na céadta míle daoine a easáitiú, trí shibhialtaigh a dhó, a chéasadh agus a mharú agus trí rochtain chomhionann ar chabhair dhaonnúil a dhiúltú. Tá srian curtha ag na fórsaí</p> | 21.2.2022       |

## ▼ M14

|     | Name   | Identifying information                                  | Reasons   | Date of listing |
|-----|--|--|---|-----------------|
|     |  |  | <p>míleata agus ag na húdaráis mhíleata, atá ag feidhmiú faoi rialú ag SAC, leis an tsaoirse comhthionóil agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh trí rochtain ar an idirlíon a chosc, agus trí ghabháil agus choinneáil threallach a dhéanamh ar cheannairí den fhreasúra agus orthu siúd atá in aghaidh an coup agus trína gciontú. Ina theannta sin, tá dlí míleata curtha i bhfeidhm ag SAC in áiteanna sa tír, agus ceadáitear don arm údarás iomlán a fheidhmiú ar an limistéar sonraithe, lena n-áirítear feidhmeanna riaracháin, breithiúnacha agus forfheidhmithe dlí. Sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, déantar sibhialtaigh, lena n-áirítear iriseoirí agus agóideoirí síochánta, a ionchúiseamh i gcúirteanna míleata, ceiltear orthu an ceart chun próise cuí, lena n-áirítear an ceart chun achomhairc. Tá méadú nach beag tagtha, sna limistéir sin atá faoi dhlí míleata, ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na bhfórsaí míleata agus póilíneachta, agus an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht faoi bhagairt dá réir.</p> <p>Mar chomhalta den SAC, tá U Shwe Kyein freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine.</p> |                 |
| 49. | Aung Moe Myint (ar a dtugtar freisin U Aung Moe Myint) | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscene: fireann | An 23 Feabhra 2021, ainmníodh Aung Moe Myint ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, bhí baint dhíreach ag Aung Moe Myint le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.   | 21.2.2022       |
| 50. | Than Tun (ar a dtugtar freisin U Than Tun)             | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscene: fireann | An 2 Feabhra 2021, ainmníodh Than Tun ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Than Tun le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.  | 21.2.2022       |

## ▼ M14

|     | Name   | Identifying information                                 | Reasons  | Date of listing |
|-----|--|---|--|-----------------|
| 51. | Aung Lwin Oo (ar a dtugtar freisin U Aung Lwin OO) | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 23 Feabhra 2021, ainmníodh Aung Lwin Oo ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Aung Lwin Oo le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.            | 21.2.2022       |
| 52. | Aung Saw Win (ar a dtugtar freisin U Aung Saw Win) | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 2 Feabhra 2021, ainmníodh Aung Saw Win ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Aung Saw Win le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.             | 21.2.2022       |
| 53. | Than Win   | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 2 Feabhra 2021, ainmníodh Than Win ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú i gcoinne 16 dhuine as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Than Win le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 21.2.2022       |

## ▼ M14

|     | Name   | Identifying information                                 | Reasons   | Date of listing |
|-----|--|---|---|-----------------|
| 54. | Saw Ba Hline (ar a dtugtar freisin U Saw Ba Hline) | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 9 Feabhra 2021, ainmníodh Saw Ba Hline ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí toghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaais, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaais toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Saw Ba Hline le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.         | 21.2.2022       |
| 55. | Soe Oo (ar a dtugtar freisin U Soe OO)             | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 9 Feabhra 2021, ainmníodh Soe Oo ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí toghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaais, chomh maith le cúisimh a chomhdú i gcoinne 16 dhuine as calaais toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Soe Oo le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 21.2.2022       |
| 56. | Than Soe (ar a dtugtar freisin U Than Soe)         | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Than Soe chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí toghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaais, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaais toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Than Soe le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.                    | 21.2.2022       |
| 57. | Bran Shaung (ar a dtugtar freisin U Bran Shaung)   | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma<br><br>Inscne: fireann  | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Bran Shaung ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí toghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaais, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaais toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Bran Shaung le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.          | 21.2.2022       |

## ▼ M14

|     | Name   | Identifying information                              | Reasons   | Date of listing |
|-----|--|--|---|-----------------|
| 58. | Myint Oo (ar a dtugtar freisin U Myint Oo)           | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Insene: fireann  | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Myint Oo ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Myint Oo le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.           | 21.2.2022       |
| 59. | Khin Maung Oo (ar a dtugtar freisin U Khin Maung Oo) | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Insene: fireann  | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Khin Maung Oo ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Khin Maung Oo le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 21.2.2022       |
| 60. | Nu Mya Zan (ar a dtugtar freisin Daw Nu Mya Zan)     | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Insene: baineann | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Nu Mya Zan ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sí leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Nu Mya Zan le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.       | 21.2.2022       |
| 61. | Myint Thein (ar a dtugtar freisin U Myint Thein)     | Náisiúntacht: Maenmar/Burma;<br><br>Insene: fireann  | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Myint Thein ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaois toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Myint Thein le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.     | 21.2.2022       |



▼ **M14**

|     | Name   | Identifying information                                 | Reasons  | Date of listing |
|-----|--|---|--|-----------------|
| 62. | Ba Maung (ar a dtugtar freisin Dr Ba Maung)    | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | An 26 Feabhra 2021, ainmníodh Ba Maung ina chomhalta den Union Election Commission (UEC). Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin i ndiaidh coup míleata an 1 Feabhra 2021, agus trína ghníomhartha mar chomhalta den UEC, go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaois, chomh maith le cúisimh a chomhdú as calaóis toghcháin i gcás na dtoghchán céanna, agus an brú faoi chois i gcoinne iarchomhaltaí den UEC, bhí baint dhíreach ag Ba Maung le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.  | 21.2.2022       |
| 63. | Tayza Kyaw (ar a dtugtar freisin U Tayza Kyaw) | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | Tá U Tayza Kyaw ina chomhalta de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus ardphoist éagsúla aige, lena n-áirítear Ceannasaí ar Northern Command agus Ceannasaí ar Bureau of Special Operations No.1 (BSO 1).<br><br>Anuas go dtí an coup a tharla an 1 Feabhra 2021, rinne Tayza Kyaw maoirsiú ar oibríochtaí míleata i Stát Kachin; baineadh úsáid iomarcach as an lámh láidir in aghaidh grúpaí mionlaigh eithneacha agus as foréigean neamh-idirdhealaitheach as ar eascair sárú ar chearta na sibhialtach agus a n-easáitiú éigeantach.<br><br>Ó mhí Feabhra 2021 i leith, tá U Tayza Kyaw ag déanamh maoirseachta ar BSO 1, a bhí i gceannas ar roinnt oibríochtaí míleata ar mórsála i ndlúthchomhar le U Than Hlaing, a bhfuil sé bunaithe ina leith go raibh sé freagrach as foréigean iomarcach agus sárúithe ar chearta an duine. Le linn ullmhú agus seoladh na ‘n-oibríochtaí imréitigh’, i réigiúin Sagaing agus Magwe, faoi chuimsiú an BSO 1, chonaecthas úsáid iomarcach fornirt chomh maith le foréigean inscne. Tá sé freagrach dá bhrí sin as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma, agus as a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. | 21.2.2022       |
| 64. | Ni Lin Aung                                    | Náisiúntacht: Myanmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann | Tá an Maor-Ghinearál Ni Lin Aung ag obair sa Cheannasaíocht Thoir Láir ó mí Lúnasa 2022. Is iar-Cheannasaí Réigiún na Ceannasaíochta Thoir ar Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) é. Tá Stát Kayah mar chuid de dhlínse na Ceannasaíochta Thoir. Le linn ionsaí an 24 Nollaig 2021 in aice le sráidbhaile Moso i mbailéarthach Phruso, Stát Karenni (Kayah), maraíodh ar a laghad 35 duine, ina measc   | 21.2.2022       |

▼ **M19**



## ▼M17

|     | Name   | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|--|---|--|-----------------|
|     |  |   | <p>Mar Aire Rialtais, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn <i>coup</i> míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Mar Aire Infheistíochta agus Caidrimh Eacnamaíoch Eachtraigh, tá sé i gceannas ar ghnó agus infheistíochtaí a éascú i Maenmar/Burma agus ar an gcomhar le comhpháirtithe eachtracha. Sa cháil sin, glacann Kan Zaw ról gníomhach chun tacú le hiarrachtaí an mhíleata infheistíocht choigríche a mhealladh agus, ar an gcaoi sin, chun rannchuidiú le riachtanais airgeadais an réimis mhíleata a áirithiú. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar i mbaol.</p> <p>Ina theannta sin, tá baint aige le roinnt daoine ardleibhéil den réimeas míleata, lena n-áirítear an tArd-Cheannasaí Min Aung Hlaing.</p> |                 |
| 67. | Htun Htun Oo<br>ar a dtugtar freisin<br>Tun Tun Oo   | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 28.7.1956;<br><br>Inscne: fireann | <p>Is é Htun Htun Oo Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí i Maenmar/Burma, mar a dhearbhaigh an tArd-Cheannasaí Min Aung Hlaing sa phost sin é an 2 Feabhra 2021, tar éis <i>coup</i> an 1 Feabhra 2021.</p> <p>Faoi cheannaireacht Htun Htun Oo, bhí baint ag an gCúirt Uachtarach le hionchúiseamh ceannairí a toghadh go daonlathach agus daoine ón bhfreasúra polaitiúil, agus theip uirthi a cuid dualgas a chomhlíonadh mar an dlínse is airde atá freagrach as seasamh leis an smacht reachta agus as neamhspleáchas na mbreithiúna a ráthú. Dá bhrí sin, ina cháil mar Phríomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, tá Htun Htun Oo rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.</p> <p>Ina theannta sin, ó dearbhaidh é mar Phríomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, bhí baint ag Htun Htun Oo le daoine ardleibhéil den réimeas míleata, lena n-áirítear an tArd-Cheannasaí Min Aung Hlaing.</p>   | 8.11.2022       |
| 68. | Swe Swe Aung (ar a dtugtar freisin Dr. Swe Swe Aung) | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 1960;<br><br>Inscne: bainneann    | <p>Is í Swe Aung Ard-Stiúrthóir na Roinne Ionchúisimh san Aireacht Gnóthaí Dlíthiúla, mar a cheap an State Administrative Council (SAC) í an 31 Márta 2022.</p>  | 8.11.2022       |

## ▼ M17

|     | Name                                      | Identifying information  | Reasons   | Date of listing |
|-----|---|--|---|-----------------|
|     |   |  | <p>Faoi cheannaireacht Swe Swe Aung, bhí baint ag an Roinn Ionchúisimh le roinnt cásanna breithiúnacha i gcoinne ceannairí a toghadh go daonlathach agus daoine ón bhfreasúra polaitiúil, cásanna a sháraigh cearta cosanta agus an ceart chun triail chóir a fháil, lena n-áirítear na himeachtaí as ar eascair bású ceathrar a bhí ar son an daonlathais. Dá bhrí sin, ina cáil mar Ard-Stiúrthóir na Roinne Ionchúisimh, tá Swe Aung rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.</p> <p>Ina theannta sin, tá baint ag Swe Swe Aunge le roinnt daoine arna gceapadh ag an State Administrative Council agus ag an míleata amhail an tArd-Cheannasaí Min Aung Hlaing agus an tArd-Aighne Dr Thida Oo.</p>   |                 |
| 69. | Zaw Min<br>ar a dtugtar freisin U Zaw Min | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br>Dáta breithe: 1970;<br>Inscne: fireann | <p>Is é Zaw Min Ard-Stiúrthóir Roinn na bPríosún san Aireacht Gnóthaí Baile, arna cheapadh ag an State Administrative Council (SAC) an 4 Feabhra 2021. Sa cháil sin dó, tá sé freagrach as bainistiú na bpríosún i Maenmar/Burma.</p> <p>Faoi cheannaireacht Zaw Min, bhí Roinn na bPríosún bainteach le roinnt cásanna míbhainistithe príosún agus imríodh foréigean, léasadh agus íde mhídhanna eile nach é ar dhaoine atá á gcoinneáil i bpríosún. Ina theannta sin, sháraigh údaráis na bpríosún cearta cosanta daoine atá faoi choinneáil. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar Roinn na bPríosún, tá Zaw Min i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.</p> <p>Ina theannta sin, tá baint ag Zaw Min le roinnt pearsana agus ceannairí arna gceapadh ag an State Administrative Council (SAC), agus le pearsana agus ceannairí eile arna gceapadh ag na fórsaí míleata, amhail an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing agus an tAire Gnóthaí Baile, an Leifteanant-Ghinearál Soe Htut.</p> | 8.11.2022       |
| 70. | U Zaw Lin Aung                            | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br>Inscne: fireann                        | <p>Is iar-oifigeach míleata é U Zaw Lin Aung. Tá sé ina Leas-Stiúrthóir ar Roinn na bPríosún i Yangon Region ó dheireadh na bliana 2021. Ina theannta sin, is é U Zaw Lin Aung atá i gceannas ar Phríosún Insein.</p>   | 8.11.2022       |

▼ M17

|  | Name | Identifying information | Reasons  | Date of listing |
|--|------|-------------------------|--|-----------------|
|  |      |                         | Faoina cheannaireacht siúd, tá foréigean, léasadh agus íde mhídhaoanna eile nach é imeartha ag foireann Phríosúin Insein ar phríosúnaigh pholaitiúla atá á gcoinneáil sa phríosún. Dá bhrí sin, ina cháil mar Leas-Stiúrthóir ar Roinn na bPríosún i Yangon Region, agus ós é atá i gceannas ar Phríosún Insein, tá U Zaw Lin Aung ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. |                 |

▼ M19

|     |                                    |   |   |           |
|-----|------------------------------------|---|---|-----------|
| 71. | U Than Swe<br><br>(a.k.a Than Swe) | Dáta breithe: 1957 nó 1965;<br><br>Náisiúntacht: Myanmar/<br>Burma;<br><br>Inscene: fireann | Is Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais é U Than Swe ó mhí Feabhra 2023. Is iarchathaoirleach an Choimisiúin i gcoinne Éilliú é, agus is í an Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) a cheap é ón 19 Lúnasa 2022 go dtí Feabhra 2023.<br><br>Tá an Coimisiún i gcoinne Éilliú, ansin faoi cheannaireacht U Than Swe, tar éis beartais a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh <i>coup</i> míleata a dhlisteanú, lena n-áirítear a rannpháirtíocht in imeachtaí i gcoinne ceannairí a toghadh go daonlathach, mar shampla cúisimh éillithe a thabhairt i gcoinne an Chomhairleora Stáit, Daw Aung San Suu Kyi. Dá bhrí sin, ina cháil mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún i gcoinne Éilliú, bhí U Than Swe ag gabháil do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 8.11.2022 |
|-----|------------------------------------|---|---|-----------|

▼ M17

|     |            |   |  |           |
|-----|------------|---|--|-----------|
| 72. | Ko Ko Lwin | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 1972 nó 1982;<br><br>Inscene: fireann | Is comhalta é Ko Ko Lwin de Union Election Commission (UEC), arna cheapadh ag an State Administrative Council (SAC) an 1 Aibreán 2022. Nuair a ghlac sé leis an ainmniúchán sin tar éis <i>coup</i> míleata an 1 Feabhra 2021, agus de bharr a ndearna sé mar chomhalta de Union Election Commission (UEC), go háirithe trí thorthaí thoghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaouis a bheith ann, mar aon le muirir a chomhdú i leith calaois toghcháin do na toghcháin chéanna, bhí baint dhíreach ag Ko Ko Lwin le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. | 8.11.2022 |
|-----|------------|---|--|-----------|

## ▼ M17

|     | Name       | Identifying information  | Reasons  | Date of listing |
|-----|------------|--|--|-----------------|
| 73. | Min Min Oo | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 1962 nó 1967;<br><br>Inscne: fireann | Is comhalta é Min Min Oo de Union Election Commission (UEC), arna cheapadh ag an State Administrative Council (SAC) an 2 Bealtaine 2022. Nuair a ghlac sé leis an ainmiúchán sin tar éis <i>coup</i> míleata an 1 Feabhra 2021, agus de bharr a ndearna sé mar chomhalta de Union Election Commission (UEC), go háirithe trí thorthaí toghcháin mhí na Samhna 2020 a neamhniú gan aon fhianaise chruthaithe ar chalaos a bheith ann, mar aon le muirir a chomhdú i leith calaos toghcháin do na toghcháin chéanna, bhí baint dhíreach ag Min Min Oo le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.  | 8.11.2022       |
| 74. | Htun Aung  | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 1967;<br><br>Inscne: fireann         | Is é an Ginearál Htun Aung an tArdcheannasaí ar Myanmar Air Force, arna cheapadh ag Ardcheannasaí Myanmar Armed Forces, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing an 12 Eanáir 2022. Sa cháil sin dó, is é Htun Aung atá i gceannas ar na haerfhórsaí agus atá freagrach astu i Maenmar.<br><br>Rinne Myanmar Air Force ionsaithe ar spriocanna sibhialtacha ar fud Mhaenmar; mharaigh na haerfhórsaí sin sibhialtaigh agus rinne siad dochar do shibhialtaigh eile, lena n-áirítear leanaí agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha iad. Spriocdhíríodh freisin ar scoileanna, ar ionaid adhartha agus ar shaoráidí sláinte poiblí.<br><br>Ina cháil mar Ardcheannasaí ar Myanmar Air Force, tá an Ginearál Htun Aung freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.<br><br>Ina theannta sin, glacann an Ginearál Htun Aung páirt i rialachas MEHL, ilchuideachta atá faoi úinéireacht mhíleata agus a chuireann acmhainní eacnamaíocha agus ábhartha ar fáil d'arm Mhaenmar lena gcumasaítear a n-oibríochtaí.<br><br>Fágann sin go gcuireann sé tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. | 8.11.2022       |

## ▼M17

|     | Name       | Identifying information                                  | Reasons   | Date of listing |
|-----|------------|--|---|-----------------|
| 75. | Phone Myat | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscene: fireann | <p>Ó mhí Aibreáin 2021 i leith, is é an Leifteanant-Ghinearál Phone Myat Commander of Bureau Special Operation 3 (BSO 3) ar Myanmar Armed Forces (Tatmadaw).</p> <p>Roimhe sin – idir mí Iúil 2020 agus mí Aibreáin 2021 – bhí sé ina Leas-Aire san Aireacht Gnóthaí Baile agus idir Bealtaine 2019 agus mí Iúil 2020, ba é a bhí ina cheannasaí ar an Western Command.</p> <p>Ina cháil mar cheannasaí BSO 3, is é Phone Myat atá i gceannas ar fhórsaí míleata an South Western Command (Ayeyarwaddy), an Southern Command (Bago agus Magway) agus an Western Command (Rakhine agus Chin) agus is é atá freagrach astu chomh maith.</p> <p>Rinne fórsaí míleata faoina cheannas siúd sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, coireanna agus ainghníomhartha, lena n-áirítear marúithe, ionsaithe talún agus aeir ar shibhialtaigh agus rinne siad sléacht agus ár i Magway region, i Chin State agus i Bago region.</p> <p>Ina cháil mar Cheannasaí ar BSO 3, tá Phone Myat freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 8.11.2022       |
| 76. | Aung Soe   | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscene: fireann | <p>Ó mhí Eanáir 2021 i leith, is é an Leifteanant-Ghinearál Aung Soe Ceannasaí Bureau Special Operation 4 (BSO 4) ar Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Roimhe sin, bhí sé ina Leas-Aire Gnóthaí Baile go dtí mí an Mhárta 2018, agus ina dhiaidh sin arís, ba é Ceannaire Bureau Special Operation 6.</p> <p>Ina cháil mar cheannasaí BSO 4, is é Aung Soe atá i gceannas ar fhórsaí míleata Coastal Command i Tanintharyi Division agus an South Eastern Command i Mon and Karen State agus is é atá freagrach astu chomh maith.</p> <p>Rinne fórsaí míleata faoina cheannas siúd sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, coireanna agus ainghníomhartha, lena n-áirítear marúithe, ionsaithe talún agus aeir ar shibhialtaigh, gabhálacha neamhdhlisteanacha agus úsáid dóiteáin airtléire. Thairfead Kayin/Karen state, ceann de na réigiúin faoi cheannas Aung Soe, 3993 theagmhas foréigneacha ó tharla an <i>coup</i> anuas go dtí mí Iúil 2022.</p>  | 8.11.2022       |

## ▼ M17

|     | Name      | Identifying information                                 | Reasons   | Date of listing |
|-----|-----------|---|---|-----------------|
|     |           |   | Ina cháil mar Cheannasaí BSO 4, tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.  |                 |
| 77. | Thet Pon  | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Insene: fireann | <p>Ó mhí an Mheithimh 2020 i leith, is é an Leifteanant-Ghinearál Thet Pon Ceannasaí Bureau Special Operation 5 (BSO 5) ar Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar an North Western Command go dtí 2017 agus ó 2017 go dtí mí an Mheithimh 2020, bhí sé ina Cheannasaí Réigiúnach ar Yangon.</p> <p>Ina cháil mar Cheannasaí BSO 5, is é Thet Pon atá i gceannas ar na fórsaí míleata agus ar na binsí míleata i Yangon Region agus is é atá freagrach astu chomh maith.</p> <p>I mí an Mhárta 2021, thug an State Administration Council dlí míleata isteach i Maenmar, lena n-aistrítear cumhacht feidhmiúcháin agus bhreithiúnach chuig ceann na n-orduithe míleata réigiúnacha ábhartha. Faoi mhí Iúil 2022, bhí 119 nduine daortha chun báis ag binsí míleata i Yangon Region – an-chuid acu siúd ar chúiseanna polaitiúla – lena n-áirítear ceathrar comhaltaí den fhreasúra daonlathach a cuireadh chun báis i Yangon Region.</p> <p>Ina theannta sin, i Yangon region, rinne na fórsaí míleata marú mar aon le gníomhartha foréigneacha eile a imirt ar agóideoirí síochánta, amhail úsáid fórsa mharfaigh le linn agóidí frith-junta i Hlaing Tharyar Township, Yangon an 14 Márta 2021.</p> <p>Ina cháil mar Cheannasaí BSO 5, tá Thet Pon freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 8.11.2022       |
| 78. | Htein Win | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Insene: fireann | Is é an Maor-Ghinearál Htein Win Ceannasaí an Southern Command de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Mar cheannasaí réigiúnach, rialaíonn sé agus bíonn sé i gceannas ar fhórsaí míleata i réigiúin Bago agus Magway.   | 8.11.2022       |



## ▼ M17

|     | Name         | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|--------------|---|--|-----------------|
|     |              |   | <p>Rinne fórsaí míleata sna réigiúin sin aer-ionsaithe, ruathair, coirloscadh, go leor maruithé agus úsáid sciatha daonna. Is teophointe ar leith é Magway region ina mbíonn oibríochtaí brúidiúla frith-fhreasúra ar siúl ag an arm, agus úsáid á mbaint acu as an straitéis ‘dúnmharú, coirloscadh, agus creachadh’ i Magway region.</p> <p>Ina cháil mar Cheannasaí ar an Southern Command, tá Htein Winn freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p>   |                 |
| 79. | Htin Latt Oo | <p>Náisiúntacht: Maenmar/Burma;</p> <p>Inscne: fireann</p>                                      | <p>Is é an Maor-Ghinearál Htin Latt Oo atá ina Cheannasaí ar an Western Command de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) ó mhí Iúil 2020. Mar cheannasaí réigiúnach, rialaíonn sé agus bíonn sé i gceannas ar fhórsaí míleata i réigiúin Western Rakhine agus Chin.</p> <p>Rinne fórsaí míleata sna réigiúin sin sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear aer-ionsaithe, éigniú, úsáid sciatha daonna, loisceadh tithe, sléachtanna agus gabhálacha neamhdhleathacha.</p> <p>Ina cháil mar Cheannasaí ar an Western Command, tá Htin Latt Oo freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 8.11.2022       |
| 80. | Than Htike   | <p>Náisiúntacht: Maenmar/Burma;</p> <p>Inscne: fireann</p> <p>Aitheantas Míleata: Kyi-28146</p> | <p>Is é an Briogáidire-Ghinearál Htin Latt Oo atá ina Cheannasaí ar an North Command de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) ón 6 Iúil 2022. Mar cheannasaí réigiúnach, rialaíonn sé agus bíonn sé i gceannas ar fhórsaí míleata i Sagaing Region.</p> <p>Rinne fórsaí míleata faoina cheannas sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, úsáid iomarcach fornirt agus gníomhaíochtaí brúidiúla ar an bpobal sibhialtach, lena n-áirítear an t-ionsaí míleata ar scoil i Depeyin Township, Sagaing Region, inar maraíodh 13 dhuine ar a laghad, lena n-áirítear 11 leanbh. I Sagaing Region, rinne na fórsaí míleata os cionn 20 000 teach a dhó ó tharla an <i>coup</i> míleata.</p>   | 8.11.2022       |

## ▼ M17

|     | Name          | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|---------------|---|--|-----------------|
|     |               |   | <p>Ina cháil mar cheannasaí réigiúnach ar an North West Command, tá Than Htike freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p>   |                 |
| 81. | Nyunt Win Swe | <p>Náisiúntacht: Maenmar/Burma;</p> <p>Inscene: fireann</p>   | <p>Is é an Maor-Ghinearál Nyunt Win Swe atá ina Cheannasaí ar an Yangon Region de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) ó mhí an Mheithimh 2020. Sa cháil sin, rialaíonn Nyunt Win Swe agus bíonn sé i gceannas ar fhórsaí míleata i Yangon Region agus, in éineacht le Ceanntúró na nOibríochtaí Speisialta 5, an Leifteanant-Ghinearál Thet Pon, déanann sé maoirseacht ar bhinsí míleata in Yangon Region.</p> <p>I mí an Mhárta 2021, thug an State Administration Council dlí míleata isteach i Maenmar, lena n-aistrítear cumhacht feidhmiúcháin agus bhreithiúnach chuig cinn na gceannas míleata réigiúnach ábhartha. Faoi mhí Iúil 2022, ghearr binsí míleata i Yangon Region pionós an bháis ar 119 nduine, go leor acu ar chúiseanna polaitiúla, lena n-áirítear ceathrar comhaltaí den fhreasúra daonlathach a cuireadh chun báis i Yangon Region.</p> <p>Ina theannta sin, rinne fórsaí míleata i Yangon region gníomhartha foréigneacha agus marúithe i gcoinne agóideoirí síochánta, amhail úsáid as fórsa marfach le linn agóidí frith-junta i mbailecheantar Hlaing Tharyar in Yangon an 14 Márta 2021.</p> <p>Ina cháil mar Cheannasaí ar an Yangon Region, tá Nyunt Win Swe freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 8.11.2022       |
| 82. | U Tay Za      | <p>Náisiúntacht: Maenmar/Burma;</p> <p>Dáta breithe: 18.7.1964;</p> <p>Áit bhreithe: Yangon, Myanmar;</p> <p>Inscene: fireann</p> | <p>Is é U Tay Za bunaitheoir agus Cathaoirleach ar Htoo Group of Companies, ilchuideachta phríobháideach is ea é a fheidhmíonn in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear trádáil, baincéireacht, mianadóireacht, turasóireacht agus eitlíocht. Tá dlúthbhaint ag U Tay Za le ceannaireacht shinsearach Myanmar Armed Forces (Tatmadaw).</p>   | 8.11.2022       |



▼ **M21**

|  | Name | Identifying information | Reasons  | Date of listing |
|--|------|-------------------------|--|-----------------|
|  |      |                         | <p>na bhFórsaí Armtha. Ina theannta sin, sain-aithníodh Naing Htut Aung mar allmhaireoir agus bróicéir arm, trealaimh mhíleata agus earraí dé-úsáide do Tatmadaw, a úsáideadh ar an bpobal sibhialtach agus agóideoirí ar fud na tíre.</p> <p>Trí rannchuidiú le cumas an airm sáruihte tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus an pobal sibhialtach a chur faoi chois, chomh maith le gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, thug Naing Htut Aung tacaíocht don Tatmadaw agus bhí sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> |                 |

▼ **M18**

|     |                |  |  |           |
|-----|----------------|--|--|-----------|
| 85. | Aung Hlaing Oo | <p>Náisiúntacht: Myanmar/Burma;</p> <p>Dáta breithe: 11.6.1977;</p> <p>Áit bhreithe: Myanmar/Burma;</p> <p>Inscne: fireann;</p> <p>Uimhir an phas: 12/LaMaTa(Nine)025897</p> | <p>Bhí Aung Hlaing Oo ina Chathaoirleach ar Myanmar Chemical and Machinery (MCM) Company Limited agus ar fhochuideachtaí eile ó bhunaigh sé an cuideachta in 2001.</p> <p>Bhain sé úsáid as a sheasamh tráchtála agus pearsanta chun tacú leis an bhforéigean a rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) i gcoinne a bpobail féin ina ról mar allmhaireoir agus mar bhróicéir arm agus earraí dé-úsáide. Agus é mar chathaoirleach ar MCM, feidhmíonn sé mar phríomhfhoinsé arm agus tacaíochta tráchtála don <i>junta</i>, lena n-áirítear trína dhlúthcheangal polaitiúil/tráchtála le cuideachtaí éagsúla in earnáil an trealaimh mhíleata, in 2019 agus 2020 freisin. Ghlac sé páirt i dtoscaireachtaí chun airm a sholáthar d'arm Mhaenmar freisin, lena n-áirítear i mí an Mheithimh 2021. Úsáidtear ábhair den sórt sin, lena n-áirítear héileacaptair agus páirteanna spártha d'aerárthaí, chun buamáil a dhéanamh ar shibhialtaigh i roinnt Stát agus réigiún.</p> <p>Dá bhrí sin, bhí baint ag Aung Hlaing Oo le hearraí srianta agus/nó teicneolaíocht shrianta, agus earraí dé-úsáide, a sholáthar, agus rinneadh sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine mar thoradh air sin. Mar Chathaoirleach ar MCM, thacaigh Aung Hlaing Oo leis an Tatmadaw sáruihte tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine in Maenmar/Burma, lena n-áirítear i stát Rakhine. Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é a mbaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas</p> | 20.2.2023 |
|-----|----------------|--|--|-----------|

## ▼M18

|     | Name   | Identifying information  | Reasons   | Date of listing |
|-----|--|--|---|-----------------|
|     |  |  | nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Thairis sin, tá baint ag Aung Hlaing Oo leis an arm trí na naisc fhairsinge atá aige leis na seanchórais <i>junta</i> agus leis na cinn atá ann faoi láthair.   |                 |
| 86. | Sit Taing Aung<br><br>(ar a dtugtar freisin Sitt Taing Aung) | Náisiúntacht: Myanmar/Burma;<br><br>Dáta breithe: 13.11.1971;<br><br>Áit bhreithe: Myanmar/Burma;<br><br>Inscene: fireann;<br><br>Uimhir an phas: 12/YaKaNa(n)006213 | Bhí Sit Taing Aung mar Stiúrthóir ar Yatanarpon Aviation Support Company agus ar Suntac Group of Companies idir an tráth ar bunaíodh na cuideachtaí sin agus an tráth ar díscaoileadh iad i mí na Samhna 2021. Lean Sit Taing Aung dá chuid gníomhaíochtaí tar éis an <i>coup</i> in 2021.<br><br>Bhain sé úsáid as a sheasamh tráchtála agus pearsanta, chomh maith lena ról mar allmhaireoir agus mar bhróicéir arm agus earraí dé-úsáide chun tacú leis an bhforéigean a rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) i gcoinne sibhialtach, buamáil scoileanna san áireamh. Agus é mar stiúrthóir ar Yatanarpon Aviation Support Company atá díscaoilte anois, d'fheidhmigh an chuideachta sin mar phríomhfhoinsé arm agus tacaíochta tráchtála don <i>junta</i> , lena n-áirítear trína dhlúthcheangal polaitiúil/tráchtála le cuideachtaí éagsúla in earnáil an trealaimh mhíleata.<br><br>Dá bhrí sin, bhí baint ag Sit Taing Aung le hearraí srianta agus/nó teicneolaíocht shrianta, agus earraí dé-úsáide, a sholáthar d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar agus tá baol ann go leanfaidh sé de bheith ag déanamh amhlaidh amach anseo. Mar Stiúrthóir ar Yatanarpon Aviation Support, thacaigh Sit Taing Aung leis an Tatmadaw sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine in Maenmar/Burma agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Thairis sin, tá baint ag Sit Taing Aung leis an arm trí na naisc fhairsinge atá aige leis na seanchórais <i>junta</i> agus leis na córais atá ann faoi láthair. | 20.2.2023       |

## ▼M18

|     | Name        | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|-------------|---|--|-----------------|
| 87. | Kyaw Min Oo | <p>Náisiúntacht: Myanmar/Burma;</p> <p>Dáta breithe: 18.1.1982;</p> <p>Inscne: fireann;</p> <p>Uimhir an phas: 14/MaMaKa(N)140703</p> | <p>Tá Kyaw Min Oo mar Stiúrthóir ar Sky Aviator ó 2014 i leith nuair a bhunaigh sé an chuideachta. Bhí sí gabháil do ghníomhaíochtaí tar éis an <i>coup</i> in 2021.</p> <p>Mar gheall ar a sheasamh tráchtála agus pearsanta, thacaigh sé leis an bhforéigean a rinne Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) ina ról mar allmhaireoir agus mar bhróicéir arm agus earraí dé-úsáide. Agus Sky Aviator faoina stiúir, feidhmíonn sé mar phríomhfhoine arm agus tacaíochta tráchtála don <i>junta</i>, lena n-áirítear trína dhlúthcheangal polaitiúil/tráchtála le cuideachtaí éagsúla in earnáil an trealaimh mhíleata, lena n-áirítear páirteanna spártha lena gcumasaítear úsáid aerárthaí míleata in oibríochtaí ina ndírítear ar limistéir ina bhfuil sibhialtaigh ag maireachtáil.</p> <p>Dá bhrí sin, bhí baint ag Kyaw Min Oo le hearraí srianta agus/nó teicneolaíocht shrianta, agus earraí dé-úsáide, a sholáthar chun sárúithe a dhéanamh ar chearta an duine. Mar Stiúrthóir ar Sky Aviation, thacaigh Kyaw Min Oo le Tatmadaw sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine in Maenmar/Burma agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Thairis sin, tá baint ag Kyaw Min Oo leis an arm trí na naisc fhairsinge atá aige leis na seanchórais <i>junta</i> agus leis na córais atá ann faoi láthair, lena n-áirítear le hArdcheannasaí Fhórsaí Armtha Mhaenmar, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing, atá ar liosta an Aontais.</p> | 20.2.2023       |
| 88. | Moe Aung    | <p>Náisiúntacht: Myanmar/Burma;</p> <p>Áit bhreithe: Myanmar/Burma;</p> <p>Inscne: fireann;</p> <p>Grád: Aimiréil</p>                 | <p>Is é an tAimiréal Moe Aung Ardcheannasaí Chabhlach Mhaenmar. Tá sé ar cheann de hoifigigh is airde céim i bhFórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), agus tá dlúthbhaint aige le réimeas an State Administrative Council (SAC), lena n-áirítear an tArdcheannasaí, Min Aung Hlaing agus an Leas-Ardcheannasaí Soe Win agus an Rialtas.</p> <p>Glacann Moe Aung páirt i rialachas MEHL eintiteas atá ar liosta an Aontais Eorpaigh, ilchuideachta atá faoi úinéireacht mhíleata agus a chuireann acmhainní eacnamaíocha agus ábhartha ar fáil don arm lena n-éascaítear a ngníomhaíochtaí. Faoina údarás agus i gcomhar leis an Aireacht Iompair agus Cumarsáide, iompraíodh saighdiúirí agus airm de bháid nó de longa go dtí an chuid thuaidh den tír ar uiscebhealaí.</p>   | 20.2.2023       |

## ▼ M18

|     | Name           | Identifying information  | Reasons  | Date of listing |
|-----|----------------|--|--|-----------------|
|     |                |  | Dá bhrí sin, mar bhall ardchéime den réimeas míleata, is duine nádúrtha Moe Aung a mbaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Tá sé freagrach as an iliomad sárúithe ar chearta an duine freisin.  |                 |
| 89. | Maung Aye      | Maung Aye<br>Náisiúntacht: Myanmar/Burma;<br>Áit bhreithe: Myanmar/Burma;<br>Inscene: fireann;<br>Grád: Ginearál | Tá an Ginearál Maung Maung Aye ina Cheann ar Fhoireann Ghinearálta arm, cabhlach agus aerfhórsa Mhaenmar. Tá an tríú ról is sinsearaí in arm Mhaenmar aige. Sa phost sin, tá Maung Maung Aye mar chuid den réimeas, a d'urghabh cumhacht agus a dhíbir ceannairí a toghadh go dlis-teanach i Maenmar/Burma i mí Feabhra 2021.<br><br>Tá ról gníomhach aige i ndáil le harm a cheannach ón Rúis. Thairis sin, cuidíonn sé freisin chun seasamh idirnáisiúnta Fhórsaí Armtha Mhaenmar a neartú trí chruinnithe le comhpháirtithe ó thíortha eile.<br><br>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é a mbaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Tá sé freagrach as an iliomad sárúithe ar chearta an duine freisin. | 20.2.2023       |
| 90. | Myo Myint Aung | Náisiúntacht: Myanmar/Burma;<br>Áit bhreithe: Myanmar/Burma;<br>Inscene: fireann;<br>Grád: Leifteanantchoirméal  | Is Aire Gnóthaí Eacnamaíochta an State Administration Council (SAC) Réigiún Yangon é an Leifteanantchoirméal Myo Myint Aung ón 2 Meán Fómhair 2022 i leith. Mar Aire Réigiún Yangon, tá baint dhíreach aige le cinnteoireacht maidir le réigiún Yangon agus tá sé freagrach as an gcinnteoireacht sin.<br><br>Ina theannta sin, ba Cheannasaí Earcaíochta Míleata Yangon agus Breitheamh Míleata é roimhe sin ó bunaíodh na cúirteanna míleata go dtí Meán Fómhair 2022.<br><br>Sa cháil sin, líomhnáíodh go raibh baint aige le daoradh agus cur chun báis ceathrar gníomhaithe daonlathais i mí Iúil 2022. Le linn a thréimhse mar Bhreitheamh Míleata, daoradh cuid mhór de chomhaltaí den fhreasúra chun báis agus gearradh téarmaí príosúin acu.  | 20.2.2023       |

## ▼M18

|     | Name         | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|--------------|---|--|-----------------|
|     |              |   | Dá bhrí sin, tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine ón uair a bhí <i>coup</i> sa SAC in 2021 agus mar Cheannasaí Earcaíochta Míleata agus mar Bhreitheamh Míleata.   |                 |
| 91. | Zin Min Htet | Náisiúntacht: Myanmar/<br>Burma;<br><br>Áit bhreithe: Myanmar/<br>Burma;<br><br>Insene: fireann;<br><br>Grád: Maorghinearál | Is é an Maor-Ghinearál Zin Min Htet an Leas-Aire Gnóthaí Baile agus Ceannt Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar. Bhí baint dhíreach aige le cinnteoireacht maidir le réigiún Yangon agus bhí sé freagrach as an gcinnteoireacht sin.<br><br>Tháinig Zin Min Htet i gcomharbas ar Than Hlaing an 2 Bealtaine 2022 mar Cheann Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar. Ba Ard-Chongantóir Comhpháirteach an airm é roimhe sin (2019-2022). Bhí sé mar cheannaire ar Ollscoil Ríomhaireachta agus Teicneolaíochta na Seirbhísí Cosanta freisin.<br><br>Dá bhrí sin, mar Leas-Aire Gnóthaí Baile agus mar Cheann Fhórsa Póilíneachta Mhaenmar, is duine nádúrtha a mbaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. Ina theannta sin, tá sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí póilíneachta agus srian á chur ar shaoirse comhthionóil agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, le gabhálacha treallacha agus le ceannairí freasúracha agus lucht freasúra an <i>coup</i> a choinneáil. Dá bhrí sin, tá Zin Min Htet freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | 20.2.2023       |
| 92. | Ko Ko Maung  | Náisiúntacht: Myanmar/<br>Burma;<br><br>Áit bhreithe: Myanmar/<br>Burma;<br><br>Insene: fireann;<br><br>Grád: Maorghinearál | Is é an Maor-Ghinearál Ko Ko Maung an Ceannasaí Míleata Réigiúnach i Stát Kachin sa chuid thuaidh den tír. Ba Cheannasaí Míleata Réigiúnach sa Deisceart é roimhe seo agus aistríodh chuig an Northern Command é i mí Lúnasa 2022.<br><br>Mar Cheannasaí Míleata Réigiúnach, déanann Ko Ko Maung maoirseacht ar aer-ionsaithe, sléachtanna, ruathair, coirloscadh agus ar dhaoine a bheith á n-úsáid mar sciatha mar a rinne an t-arm in Kachin.<br><br>Dá bhrí sin, tá Ko Ko Maung freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma.  | 20.2.2023       |



▼ M18

|              | Name              | Identifying information  | Reasons   | Date of listing |
|--------------|-------------------|--|---|-----------------|
| ▼ <u>M21</u> | 93. Myo Myint Oo  | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Insene: fireann  | <p>Is é Myo Myint Oo Aire Fuinnimh Aontas Mhaenmar/Burma ón 5 Lúnasa 2022 i leith. Mar Aire Rialtais, tá sé mar chuid den réimeas míleata.</p> <p>Faoina údarás, gineann Myanmar Oil and Gas Enterprise (MOGE), eintiteas atá liostaithe san Aontas Eorpach, ioncam don Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) atá liostaithe san Aontas agus Myanmar Petroleum Enterprise, atá i mbun breosla eitlíochta a allmhairiú agus a dháileadh, lena n-áirítear aerárthaí troda agus aerárthaí míleata eile.</p> <p>Mar Aire Fuinnimh, tá sé i gceannas ar infheistíocht agus ar chomhar a eagrú le comhpháirtithe eachtracha sna hearnálacha ola agus gáis, rud a chruthaíonn ioncam do SAC, agus ar an gcaoi sin, cuidíonn sé le riachtanais airgeadais an réimis mhíleata a chinntiú agus le breosla eitlíochta a allmhairiú don arm, agus mar gheall air sin, is féidir aerionsaithe míleata a dhéanamh i gcoinne sibhialtach.</p> <p>Dá bhri sin, is duine nádúrtha é a bhaineann a bhearta, a bheartais nó a ghníomhaíochtaí an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Maenmar/Burma, nó a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí, nó a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí, lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 20.2.2023       |
| ▼ <u>M20</u> | 94. Aung Kyaw Min | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: circa 1958;<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Insene: fireann;<br><br>Feidhm: Comhalta den<br>Chomhairle Riaracháin Stáit | <p>Is comhalta den Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) é Aung Kyaw Min, ón 1 Feabhra 2023. Is iar-Phríomh-Aire den stát Rakhine é freisin. Tá an SAC faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, a ghlac chuige féin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ón 1 Feabhra 2021, rud a chuir cosc ar an rialtas, a toghadh go daonlathach, a shainordú a chomhlíonadh.</p>   | 20.7.2023       |

## ▼ M20

|     | Name  | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|---|---|--|-----------------|
|     |   |   | <p>Agus é ina chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Aung Kyaw Min leis an gcinn-teoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinn-teoireacht sin; dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta.</p> <p>Tá sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú SAC ón 1 Feabhra 2021, inar maraíodh agóideoirí sibhialta agus neamharmtha, agus inar cuireadh srian leis an tsaoirse comhthionóil agus tuairimí a nochtadh.</p> <p>Mar chomhalta de SAC, tá Aung Kyaw Min freagrach go díreach as na cinntí diansmachta sin agus as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine.</p>   |                 |
| 95. | Kyaw Swar Lin<br>ar a dtugtar freisin<br>Kyaw Swar Linn | <p>Náisiúntacht: Maenmar/<br/>Burma;</p> <p>Áit bhreithe: Maenmar/<br/>Burma;</p> <p>Inscne: fireann;</p> <p>Feidhm: Ardcheathrúnach<br/>fórsaí armtha Mhaenmar</p> | <p>Ceapadh an Leifteanant-Ghinearál Kyaw Swar Lin ina Ardcheathrúnach i mí na Bealtaine 2020. Is é an séú post is airde san arm i Maenmar/Burma é. Is Roinn faoi dhlínse na hAireachta Cosanta é Oifig an Ardcheathrúnaigh i Maenmar agus tá baint aici le soláthar arm agus trealamh mhíleata d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar. Ina theannta sin, réachtálann Kyaw Swar Lin <i>Myanmar Economic Corporation</i> (MEC), atá ar cheann den dá ilchuideachta agus cuideachta shealbhaíochta atá á n-oibriú ag an arm agus a ghineann ioncam d'fhórsaí armtha Mhaenmar (Tatmadaw).</p> <p>Mar Ardcheathrúnach, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn <i>coup</i> míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht.</p> <p>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Kyaw Swar Lin ar lena ghníomhartha, lena bheartais agus lena ghníomhaíochtaí a bhaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus tugann sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 20.7.2023       |

## ▼ M20

|     | Name   | Identifying information   | Reasons  | Date of listing |
|-----|--|---|--|-----------------|
| 96. | Myint Kyaing<br>ar a dtugtar freisin<br>U Myint Kyaing | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 17.4.1957<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann;<br><br>Feidhm: An tAire Aontais<br>um Inimirce agus Daonra                                  | Is é Myint Kyaing an tAire Aontais um Inimirce agus Daonra ón 19 Lúnasa 2021. Roimhe sin, bhí sé ina Aire Aontais um Shaothar tar éis an <i>coup</i> an 1 Feabhra 2021. Is comhalta den Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) é, faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, a ghlac an Chomhairle sin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit trí bhithin <i>coup</i> míleata an 1 Feabhra 2021.<br><br>Mar Aire rialtais, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn <i>coup</i> míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Ina cháil mar Aire Aontais, comhlíonann sé dualgais chun tacú le beartas diansmachta an réimis mhíleata um inimirce agus daonra mar shampla srianta ar shaoránaigh chun taisteal laistigh den tír chomh maith le beartas an réimis i leith an mhionlaigh Rohingya, ar sárú chearta an duine é. Ina cháil mar Aire Inimirce agus Daonra, glacann sé páirt freisin sna hullmhúcháin do na toghcháin a d'fhógair an t-arm chun an <i>coup</i> neamhdhleathach a dhlisteanú i mí Feabhra 2021.<br><br>Tá Myint Kyaing freagrach dá bhri sin as an bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus as tacaíocht le gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. | 20.7.2023       |
| 97. | Porel Aung Thein                                       | Náisiúntacht: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Dáta breithe: 1960i-1970i<br>(thart ar 50 bliain d'aois)<br><br>Áit bhreithe: Maenmar/<br>Burma;<br><br>Inscne: fireann;<br><br>Feidhm: Comhalta den<br>Chomhairle Riaracháin Stáit | Is comhalta den Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) é Porel Aung Thein ón 1 Feabhra 2023. Is comhalta é freisin den pháirtí seachmhíleata <i>Union Solidarity and Development Party</i> (USDP).<br><br>Tá SAC faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, agus ghlac sé chuige féin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ón 1 Feabhra 2021, rud a chuir cosc ar an rialtas, a toghadh go daonlathach, a shainordú a chomhlíonadh.<br><br>Mar chomhalta de SAC, bhí baint dhíreach ag Porel Aung Thein leis an gcinnteoireacht a bhaineann le feidhmeanna stáit, agus é freagrach as an gcinnteoireacht sin; dá bhri sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinntí lena gcuirtear srian leis na cearta chun tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis, agus comhthionól síochánta.   | 20.7.2023       |

## ▼ M20

|     | Name      | Identifying information  | Reasons   | Date of listing |
|-----|-----------|--|---|-----------------|
|     |           |  | <p>Tá sáruihte tromchúiseacha chearta an duine déanta ag na fórsaí míleata agus ag na húdaráis mhíleata a oibríonn faoi rialú na Comhairle Riaracháin Stáit ón 1 Feabhra 2021, inar maraíodh agóideoirí sibhialta agus neamharmtha, agus inar cuireadh srian leis an tsaoirse comhthionóil agus tuairimí a nochtadh.</p> <p>Mar chomhalta de SAC, tá Porel Aung Thein freagrach go díreach as na cinní diansmachta sin agus as sáruihte tromchúiseacha ar chearta an duine.</p>   |                 |
| 98. | Pwint San | <p>Náisiúntacht: Maenmar/<br/>Burma;</p> <p>Dáta breithe: 13.7.1961</p> <p>Áit bhreithe: Maenmar/<br/>Burma;</p> <p>Inscne: fireann;</p> <p>Feidhm: Aire Aontais um<br/>Shaothar</p> | <p>Tá Pwint San ina Aire Aontais um Shaothar ón 19 Lúnasa 2022. Cheap an Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) é, faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, agus ghlac an Chomhairle sin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ón 2 Feabhra 2021. Deimhníodh a sheasamh mar Aire Aontais um Saothar an 1 Feabhra 2023.</p> <p>Ceapadh é roimhe sin mar Aire Aontais um Thráchtáil ón tréimhse ón 3 Feabhra 2021 go dtí an 19 Lúnasa 2022.</p> <p>Mar Aire rialtais, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn <i>coup</i> míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Faoina údarás, tá sárú córasach á dhéanamh ar chearta oibrithe, go háirithe cearta na n-oibrithe sin atá cleamhnaithe le gluaiseacht an fhreasúra. Mar Aire um Thráchtáil, d'éascaigh Pwint San allmhairiú earraí atá riachtanach chun cumhacht an réimis a choinneáil (e.g. ola bhreosla a allmhairiú). Thairis sin, trína ghníomhaíochtaí náisiúnta agus trína theagmhálacha idirnáisiúnta, rannchuidíonn sé le cumhacht neamhdhlisteanach an réimis mhíleata a chobhsú a thuilleadh. Ag an am céanna, cuireann an aireacht faoina húdarás leis na bristí soláthair laistigh den tír trí rialuithe allmhairiúcháin a fhorchur agus trí aistriú seoltán a shrianadh.</p> <p>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Pwint San ar lena ghníomhartha, lena bheartais agus lena ghníomhaíochtaí a bhaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma agus tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 20.7.2023       |

▼ **M20**

|     | Name            | Identifying information   | Reasons   | Date of listing |
|-----|-----------------|---|---|-----------------|
| 99. | Thet Khaing Win | <p>Náisiúntacht: Maenmar/Burma;</p> <p>Dáta breithe: 13.7.1961</p> <p>Áit bhreithe: Maenmar/Burma;</p> <p>Insene: fireann;</p> <p>Feidhm: Aire Aontais um Sláinte</p> | <p>Is é an Dr Thet Khaing Win an tAire um Shláinte agus Spóirt ón 1 Feabhra 2021. Cheap an Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) é, faoi stiúir an Ard-Cheannasaí Min Aung Hlaing, agus ghlac an Chomhairle sin cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit ón 2 Feabhra 2021. Deimhníodh a sheasamh mar Aire Aontais um Shláinte an 1 Feabhra 2023.</p> <p>Roimh an <i>coup</i>, bhí sé ina rúnaí buan ar an Aireacht um Shláinte agus Spóirt.</p> <p>Mar Aire rialtais, is cuid é den réimeas míleata a d'urghabh cumhacht le linn <i>coup</i> míleata agus a chuir ceannairí a toghadh go dlisteanach i Maenmar/Burma as cumhacht. Faoina údarás, briseadh na céadta dochtúirí as a bpost ar chúiseanna polaitiúla agus cúlghaireadh a gceadúnais. Dhiúltaigh sé freisin iarrataí na OCHA na Náisiún Aontaithe ar rochtain mhéadaithe chun críoch cabhrach le linn na paindéime. Faoina údarás, tathantaíodh ar ospidéal phriobháideacha gan fostaíocht a thabhairt do dhochtúirí a dhiúltaigh obair a dhéanamh in ospidéal phoiblí faoin réimeas míleata.</p> <p>Dá bhrí sin, is duine nádúrtha é Dr. Thet Khaing Win ar lena ghníomhartha, lena bheartais agus lena ghníomhaíochtaí a bhaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, agus tá sé i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 20.7.2023       |

## ▼ M10

## B. Daoine, eintitis agus comhlachtaí dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 4a

|    | Ainm   | Faisnéis chéannachta  | Cúiseanna   | Dáta an liostaithe |
|----|--|---|---|--------------------|
| 1. | Myanmar Economic Holdings Public Company Ltd | <p>Seoladh: 51 Mahabandoola road, 189/191 Botataung, Yangon region, Myanmar 11 161;</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna;</p> <p>Áit chláraithe: Yangon, Maenmar/Burma;</p> <p>Dáta cláraithe: 27 Aibreán 1990;</p> <p>Uimhir chláraithe: 156387282;</p> <p>Príomhionad gnó: Maenmar/Burma;</p> <p>Comhpháirtithe: An bord stiúrtóirí: Lt. Gen Aung Lin Dwe: stiúrtóir (AE-ainmnithe); Lt. Gen Moe Myint Tun: stiúrtóir (AE-ainmnithe); Grúpa na bpatrún: Príomhcheannasaí Aung Min Aung: Cathaoirleach (AE-ainmnithe);</p> <p>An Leas-Ardcheannasaí Soe Win: Leaschathaoirleach (AE-ainmnithe);</p> <p>Uimhir ghutháin: 01-290843</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="http://www.mehl.com.mm/">http://www.mehl.com.mm/</a></p> | <p>Is ilchuideachta é Maenmar Economic Holdings Public Company Ltd (MEHL) atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), a bhfuil fochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe acu in earnálacha éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear baincéireacht, árachas, tógáil, trádáil, iompar, mianadóireacht, eastóscadh gearmanna, déantúsaíocht agus turasóireacht. Cruthaíonn MEHL agus a fhochuideachtaí ioncam do Tatmadaw, rud a chuireann lena gcumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta agus sárúithe tromchúiseacha a imirt ar chearta an duine i Maenmar/Burma.</p> <p>Bhronn MEHL agus a fhochuideachtaí sócmhainní ar an arm in 2017 le linn shearmanais tiomsaithe airgid Tatmadaw. Dá bhri sin, thacaigh MEHL le Tatmadaw ó thaobh airgeadais de agus, dá bhri sin, rannchuidigh sé lena chumas ‘oibríochtaí imréitigh’ agus sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine a chur i gcrích in 2017 i gcoinne phobal Rohingya.</p> <p>Tá bord stiúrtóirí MEHL comhdhéanta go heisiach d’ardoifigigh Ghinearálta (gníomhach nó ar scor) den Tatmadaw. Tá beirt chomhaltaí den Bhord stiúrtóirí (Lt. Gen. Aung Lin Dwe agus Lt. Gen. Moe Myint Tun) ina gcomhaltaí freisin den State Administration Council, an comhlacht <i>ad hoc</i> a cruthaíodh tar éis an coup a tharla ar an 1 Feabhra agus atá i mbun rialaithe <i>de facto</i> ar Mhaenmar faoi láthair, agus tá siad liostaithe faoi Chinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma.</p> <p>Bhí an tArdcheannasaí Mion Aung Hlaing agus an Leas-Ardcheannasaí Soe Win i gceannas ar the Patron Group of MEHL mar Chathaoirleach agus mar Leas-Chathaoirleach, faoi seach.</p> | 19.4.2021          |

▼ **M10**

|    | Ainm                                 | Faisnéis chéannachta   | Cúiseanna   | Dáta an liostaithe |
|----|--------------------------------------|--|---|--------------------|
| 2. | Myanmar Economic Corporation Limited | <p>Seoladh: Corner of Ahlone road &amp; Kannar road, Ahlone, Yangon, Myanmar;</p> <p>An cineál eintitis: Cuideachta faoi theorainn scaireanna;</p> <p>Áit chláráithe: Yangon, Maenmar/Burma</p> <p>Dáta cláráithe: Sa bhliain 1997 a bunaíodh í mar chuideachta atá faoi úinéireacht Stáit agus a cláraíodh mar chuideachta phríobháideach an 9 Eanáir 2019;</p> <p>Uimhir chláráithe: 105444192;</p> <p>Ionad gnó: Maenmar/Burma;</p> <p>Uimhir ghutháin: 01-8221369;</p> <p>Seoladh ríomhphoist: mecadm.hq@gmail.com</p> | <p>Is ilchuideachta é Myanmar Economic Corporation (MEC) atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), a bhfuil fochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe acu in earnálacha éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear baincúireacht, árachas, tógáil, trádáil, iompar, mianadóireacht, eastóscadh geamanna, déantúsaíocht agus turasóireacht. Cruthaíonn MEC agus a fhochuideachtaí ioncam don Tatmadaw, rud a chuireann lena gcumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta agus sárúithe tromchúiseacha a imirt ar chearta an duine i Maenmar/Burma.</p> <p>Tá bord stiúrthóirí MEC comhdhéanta go heisiach d'ardoifigigh Ghinearálta (gníomhach nó ar scor) den Tatmadaw.</p> <p>Bhronn MEC agus a fhochuideachtaí sócmhainní ar an arm in 2017 le linn shearmanais tiomsaithe airgid Tatmadaw. Dá bhri sin, thacaigh MEC le Tatmadaw ó thaobh airgeadais de agus, dá bhri sin, rannchuidigh sé lena chumas 'oibríochtaí imréitigh' agus sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine a chur i gcrích in 2017 i gcoinne phobal Rohingya.</p> | 19.4.2021          |

▼ **M12**

|    |   |   |  |           |
|----|---|---|--|-----------|
| 3. | Myanma Gems Enterprise (ar a dtugtar Myanmar Gems Enterprise) | <p>Seoladh: NO.70-072, Yarza, Thingaha Road, Thapyaygone Ward, Zabuthiri Township, Naypyitaw, Myanmar;</p> <p>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht stáit;</p> <p>Áit chláráithe: Myanmar;</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="http://www.mge.gov.mm/">http://www.mge.gov.mm/</a></p> | <p>Is fiontar é Myanmar Gems Enterprise (MGE) atá faoi úinéireacht stáit agus á rialú ag Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Tá sé freagrach as rialacha agus rialacháin a dhreachtú agus as maor-seacht agus deonú ceadanna a dhéanamh d'fhiontraíthe príobháideacha áitiúla, margáil agus díolacháin speisialta a eagrú i ndáil le héid tháirgiúla agus geama. Oibríonn MGE faoi threoir MONREC, arb é SAC a cheapann a hAire.</p> <p>Le fada an lá, tá leasanna suntasacha ag Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) i séada agus i ngeama, go háirithe trí cheannaireacht MGE, ar iar-oifigigh míleata iad beagnach gach comhalta di agus trí ghníomhaíochtaí arna seoladh ag dhá ilchuideachta mhíleata (Myanmar Economic Holdings Limited (MEHL) agus Myanmar Economic Corporation Limited (MEC)). Leis an <i>coup</i> a rinneadh ar 1 Feabhra 2021 cuireadh MGE faoi rialú míleata arís, rud a fhágann go bhfuil smacht shuntasach ag Tatmadaw ar earnáil na ngeam. Gineann MGE ioncam do ranna</p> | 21.6.2021 |
|----|---|---|--|-----------|





▼ **M19**

|  | Ainm | Faisnéis chéannachta  | Cúiseanna  | Dáta an liostaithe |
|--|------|---|--|--------------------|
|  |      | <p>An cineál eintitis: Comfhiontair;</p> <p>Áit chláráithe: Myanmar;</p> <p>Uimhir ghutháin: 01-9010742; 01-9010744; 09-443250050;</p> <p>Seoladh ríomhphoist: fyv.md@gmail.com</p> | <p>Caomhnú an Chomhshaoil MONREC (10 %) agus trí Myanma Timber Enterprise (MTE), cuideachta atá faoi úinéireacht stáit, (45 %), agus (ii) a bhfuil sé de cheart aige tromlach chomhaltaí Bhord Stiúrthóirí FPJVC a cheapadh (agus triúr comhaltaí arna gceapadh ag MONREC agus MTE, faoi seach, as 11 chomhalta san iomlán).</p> <p>An 1 Feabhra 2021, d'urghabh Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht ón rialtas dlisteanach sibhialtach in coup d'état agus bhunaigh siad Comhairle Riaracháin Stáit (SAC) chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra 2021, cheap an réimeas míleata comb-aireacht nua, lena n-áirítear aire nua le haghaidh Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC). Tríd an gComhairle Riaracháin Stáit agus tríd an gcomb-aireacht nua, fuair an réimeas míleata smacht ar fhiontair atá faoi úinéireacht stáit agus tairbhíonn siad díobh, lena n-áirítear FPJVC. Dá bhrí sin, tá FPJVC á rialú ag Tatmadaw agus gineann sé ioncam dó, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta</p> |                    |

▼ **M12**

|    |                                   |   |   |           |
|----|-----------------------------------|---|---|-----------|
| 6. | Myanmar War Veterans Organization | <p>Seoladh: Thukhuma Road, Datkhina Thiri Tsp, Naypyitaw Division, Myanmar;</p> <p>An cineál eintitis: Eagraíocht neamhrialtasach;</p> <p>Áit chláráithe: Yangon, Myanmar;</p> <p>Dáta cláráithe: 1973;</p> <p>Uimhir ghutháin: (067) 30485</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://www.mwvo.org/Home/About">https://www.mwvo.org/Home/About</a></p> | <p>Eagraíocht neamhrialtasach í Myanmar War Veterans Organization (MWVO) a bhfuil sé d'aidhm aici tacaíocht a thabhairt d'iarrchomhaltaí de Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Is í an príomheagraíocht sa tír ó thaobh tionchar ar shaincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an arm.</p> <p>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón rialtas dlisteanach sibhialtach in <i>coup d'état</i> agus bhunaigh siad SAC chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra, bunaíodh SAC chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú, rud a chuir cosc ar an rialtas a toghadh go daonlathach a shainordú a chomhlíonadh.</p> <p>De réir shainordú MWVO, feidhmíonn an eagraíocht neamhrialtasach sin mar fhórsa cúltaca leis an Tatmadaw agus glacann sí páirt i múnú an bheartais náisiúnta cosanta agus slándála. Ina theannta sin, eagraíonn MWVO slógaí i bhfabhar an réimis agus téann sé ar iontaoibh míliste pobail, ag tacú, dá réir sin, le Tatmadaw agus a chuid gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.</p> | 21.6.2021 |
|----|-----------------------------------|---|---|-----------|

## ▼ M12

|  | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna   | Dáta an liostaithe |
|--|------|----------------------|---|--------------------|
|  |      |                      | Tá comhaltaí ardréime Tatmadaw, mar shampla, Ardcheannasaí Min Aung Hlaing agus Leas-Ardcheannasaí Soe Win, i ngrúpa pátrúnachta MWVO. Tá comhaltaí de chuid MWVO ina gcuid de struchtúr rialachais na n-ilchuideachtaí faoi stiúir mhíleata, Myanmar Economic Holdings Limited (MEHL) agus Myanmar Economic Corporation Limited (MEC). Tá baint, dá réir sin, idir MWVO agus daoine agus eintitis arna liostú faoi Chinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle. |                    |

## ▼ M14

|    |  |  |  |           |
|----|--|--|--|-----------|
| 7. | Htoo Group of Companies                                    | <p>Seoladh: 5 Pyay Roas, Hlaing Township, Yangon, Myanmar/Burma;</p> <p>An cineál eintitis: cuideachta shealbháiochta;</p> <p>Áit chláráithe: Maenmar/Burma;</p> <p>Uimhir ghutháin: +95 1 500344 / +95 1 500355;</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="https://htoo.com/">https://htoo.com/</a></p>  | <p>Is ilchuideachta phríobháideach é Grúpa Cuideachtaí Htoo arna bhunú ag U Tay Za, agus faoina chathaoirleacht, a bhfuil dlúthbhaint aige le hardcheannasaíocht Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). I measc a ghníomhaíochtaí tá trádáil, bainc-éireacht, mianadóireacht, turasóireacht agus eitlíocht.</p> <p>Chuir Grúpa Cuideachtaí Htoo tacaíocht airgeadais ar fáil don Tatmadaw in 2017 maidir le ‘oibríochtaí imréitigh’ Rakhine agus dá bhrí sin chuir sé le sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine in 2017 in aghaidh mhuintir Rohingya. Ina theannta sin, ghníomhaigh Grúpa Cuideachtaí Htoo mar idirghabhálaí do sholáthar trealaimh mhíleata a úsáideadh in aghaidh pobail shibhialta a bhí ag agóid i gcoinne coup an 1 Feabhra, ar fud na tíre agus go háirithe i gceantair ina bhfuil mionlaigh eitneacha. Trí rannchuidiú le cumas na míleata gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma, thug Grúpa Cuideachtaí Htoo tacaíocht don Tatmadaw, agus bhí sé páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 21.2.2022 |
| 8. | International Group of Entrepreneurs (IGE) Company Limited | <p>Seoladh: No. 36-G, 37-F, level-20, Office Tower (2), Time City, Corner of Kyuntaw Street and Hantharwaddy Road, (7), Quarter, Kamayut Township, Yangon, Myanmar/Burma 110401;</p> <p>An cineál eintitis: fiontar príobháideach;</p> <p>Áit chláráithe: Maenmar/Burma;</p> <p>Uimhir ghutháin: +95 775 111 112;</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="http://www.ige.com.mm">www.ige.com.mm</a></p> | <p>Is ilchuideachta phríobháideach é an International Group of Entrepreneurs (IGE) Company Limited a bhfuil U Nay Aung ina chathaoirleach air, a bhfuil dlúthbhaint aige le hardcheannasaíocht Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Tá IGE gníomhach i bpríomhthionscail bhonneagair amhail teileachumarsáid agus fuinneamh, agus i réimsí na talmhaíochta agus an fháil-teachais.</p>   | 21.2.2022 |

## ▼ M14

|    | Ainm                          | Faisnéis chéannachta  | Cúiseanna  | Dáta an liostaithe |
|----|-------------------------------|---|--|--------------------|
|    |                               |   | Thug IGE tacaíocht airgeadais don Tatmadaw in 2017 i ndáil le ‘oibríochtaí imréitigh’ Rakhine agus dá bhí sin rannchuidigh sé le sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine in 2017 in aghaidh phobal Rohingya. Chuir IGE tacaíocht airgeadais indíreach ar fáil don Tatmadaw freisin trí rannpháirtíocht airgeadais i roinnt tionscadal agus cuideachtaí a bhfuil baint acu leis an Tatmadaw agus lena ilchuideachtaí. Dá bhí sin, tacaíonn sé leis an Tatmadaw agus baineann sé tairbhe astu.   |                    |
| 9. | No. 1 Mining Enterprise (ME1) | <p>Seoladh: Bu Tar Street, Forest Street, Corner of Yone Gyi Quarter, Monywa, Sagaing Region, Myanmar/Burma;</p> <p>An cineál eintitis: fiontar faoi úinéireacht Stáit;</p> <p>Áit chláráithe: Maenmar/Burma;</p> <p>Uimhir ghutháin: 09 -071-21168</p> | <p>Is fiontar faoi úinéireacht Stáit (SOE) é No. 1 Mining Enterprise (ME 1) atá ag feidhmiú faoin Ministry of Natural Resources and Environmental Conservation (MONREC) agus a fheidhmíonn mar rialtóir don earnáil táirgthe agus margaióchta mialta neamhfheiriúil. Dá réir sin, tá an fhreagracht ar SOE ceadanna a dheonú agus cuid den cháin a bhailiú ar bhrabúis a dhéanann cuideachtaí príobháideacha atá in ‘conarthaí maidir le comhroinnt táirgeachta’ nó i gcomhfhiontar le ME 1.</p> <p>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón Rialtas dlis-teanach sibhialtach i coup d’état agus bhunaigh siad the State Administration Council (SAC) chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra 2021, cheap an réimeas míleata comh-aireacht nua, lena n-áirítear aire nua ar Natural Resources and Environmental Conservation (MONREC). Trí SAC agus an chomh-aireacht nua, fuair an réimeas míleata smacht ar SOE agus tairbhíonn sé díobh, lena n-áirítear No. 1 Mining Enterprise. Dá bhí sin, tá No. 1 Mining Enterprise faoi rialú Tatmadaw, agus gineann sé ioncaim dó, rud a chuireann lena chumas siúd gníomhaíochtaí a dhéanamh lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta.</p> <p>Thairis sin, tá páirt glactha ag No. 1 Mining Enterprise i dtionscadail éagsúla, agus/nó rinne sé maoirseacht orthu, a bhaineann le foréigean a rinne Tatmadaw in aghaidh an pobail shibhialta agus lena sáraítear a gcearta is bunúsaí, lena n-áirítear trí choigistiú talún agus athlonnú éigeantach. Tá No. 1 Mining Enterprise freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol.</p> | 21.2.2022          |

▼ **M14**

|     | Ainm                          | Faisnéis chéannachta  | Cúiseanna  | Dáta an liostaithe |
|-----|-------------------------------|---|--|--------------------|
| 10. | Myanma Oil and Gas Enterprise | <p>Seoladh: Ministry of Electricity and Energy, Building No.(6), Nay Pyi Taw, Myanmar/Burma;</p> <p>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht Stáit;</p> <p>Áit chláraithe: Myanmar/Burma;</p> <p>Uimhir ghutháin: +95-67-3 411 055;</p> <p>Suíomh gréasáin: <a href="http://www.moe.gov.mm/en/ignite/page/40">http://www.moe.gov.mm/en/ignite/page/40</a></p> | <p>Is oibreoir ola, soláthraí seirbhíse agus rialtóir na hearnála ola agus gáis é Myanma Oil and Gas Enterprise (MOGE), fiontar faoi úinéireacht Stáit (SOE). Déanann sé maoirseacht ar thaiscéaláíocht agus táirgeadh ola agus gáis, tarchur gáis intíre agus dáileadh táirgí peitríliam. Tá an fhreagracht ar SOE ceadanna a dheonú agus cuid den cháin a bhailiú ar bhrabúis a dhéanann cuideachtaí príobháideacha atá in ‘conarthaí maidir le comhroinnt táirgeachta’ nó i gcomhfhiontar le MOGE.</p> <p>An 1 Feabhra 2021, rinne Myanmar Armed Forces (Tatmadaw), faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, cumhacht a urghabháil ón Rialtas dlis-teanach sibhialtach in coup d’état agus bhunaigh siad an State Administration Council (SAC) chun cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit a fheidhmiú. An 2 Feabhra 2021, cheap SAC airí nua, Aire Leictreachais agus Fuinnimh san áireamh. Déanann an Aireacht Leictreachais agus Fuinnimh (MEE) maoirseacht ar MOGE. Trí SAC agus an chomh-aireacht nua, fuair an réimeas míleata smacht ar fhiontair faoi úinéireacht Stáit agus tairbhíonn sé díobh, MOGE san áireamh.</p> <p>Dá bhrí sin, tá MOGE á rialú ag Tatmadaw agus gineann sé ioncam dó, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma.</p> | 21.2.2022          |

▼ **M17**

|     |                                    |  |   |           |
|-----|------------------------------------|--|---|-----------|
| 11. | State Administration Council (SAC) | <p>An cineál eintitis: poiblí;</p> <p>Áit chláraithe: Maenmar;</p> | <p>Is eintiteas poiblí í an State Administration Council (SAC) a bunaíodh an 2 Feabhra 2021 tar éis an <i>coup</i> míleata i Maenmar/Burma an 1 Feabhra 2021. Mar chuid den <i>coup</i> sin, d’fhógair an Leas-Uachtarán Swe, staid éigeandála agus d’aistrigh sé cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an stáit chuig Ardcheannasaí Min Aung Hlaing. Bunaíodh SAC, faoi stiúir an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing, chun na feidhmeanna sin a fheidhmiú.</p> <p>Tá SAC, trína chumhacht chun feidhmeanna stáit a fheidhmiú, freagrach as beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Maenmar/Burma. Ina theannta sin, ghlac SAC cinní as ar eascair cos ar bolg ar an bpobal sibhialtach agus ar an bhfreasúra polaitiúil, ar ainghníomhartha</p> | 8.11.2022 |
|-----|------------------------------------|--|---|-----------|

▼ **M17**

|  | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna  | Dáta an liostaithe |
|--|------|----------------------|--|--------------------|
|  |      |                      | agus ar shárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne Myanmar Security Forces. Dá bhrí sin, tá SAC i mbun gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. |                    |

▼ **M18**

|     |   |  |   |           |
|-----|---|--|---|-----------|
| 12. | Myanmar Office of the Quarter Master General (Oifig an Mháistir Ceathrún Ghinearálta i Maenmar) | <p>Seoladh: Ministry of Defence, Building 24, Naypyitaw, Myanmar;</p> <p>An cineál eintitis: poiblí;</p> <p>Áit chláráithe: Myanmar;</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Ardcheannasaí Fhórsaí Armtha Mhaenmar, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing;</p> <p>An tAire Cosanta, an Ginearál Mya Htun Oo;</p> <p>Eintitis chomhlachaithe eile: Myanmar's Ministry of Defense;</p> <p>Myanmar Economic Corporation (MEC)</p> | <p>Is Roinn faoi dhlínse na hAireachta Cosanta é Oifig an Mháistir Ceathrún Ghinearálta i Maenmar a bhfuil baint aici le soláthar arm agus trealamh mhíleata d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).</p> <p>Mar sin, tá Oifig an Mháistir Ceathrún Ghinearálta i Maenmar faoi smacht Fhórsaí Armtha Mhaenmar, ó bhí <i>coup</i> an 1 Feabhra 2021 ann i leith san áireamh. Feidhmíonn sé mar phríomhchumasóir an fhoréigin agus na sárúithe ar chearta an duine atá déanta ag arm Mhaenmar ar shibhialtaigh Mhaenmar agus, dá bhrí sin, chuidigh sé leis an bhforéigean atá go forleathan i Maenmar/Burma ó bhí an <i>coup</i> ann in 2021.</p> <p>Tá oifig Mháistir na Ceathrún Ginearálta páirteach freisin i mbainistiú sócmhainní eacnamaíocha a théann chun tairbhe an <i>junta</i>.</p> <p>Tá oifig Mháistir na Ceathrún Ginearálta nasctha le roinnt figiúirí agus eintiteas atá liostaithe ag an Aontas, lena n-áirítear an t-ardcheannasaí, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing agus Myanmar Economic Corporation (MEC).</p> | 20.2.2023 |
| 13. | Myanmar Directorate of Defense Industries (Stiúrtóireacht Thionscail Cosanta Mhaenmar)          | <p>Seoladh: Shwedagon Pagoda Road, Yangon, Myanmar;</p> <p>Cineál an eintitis: fiontar faoi úinéireacht stáit;</p> <p>Áit chláráithe: Myanmar;</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Ardcheannasaí Fhórsaí Armtha Mhaenmar, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing;</p>   | <p>Is fiontar faoi úinéireacht stáit é Stiúrtóireacht Thionscail Cosanta Mhaenmar a thagann faoi dhlínse na hAireachta Cosanta agus a fheidhmíonn mar an t-aon eintiteas i Maenmar atá i gceannas ar airm a tháirgeadh d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) freisin.</p> <p>Is é an Leifteanant-Ghinearál, Thein Htay, comhalta d'arm Mhaenmar. atá i gceannas ar Stiúrtóireacht na dTionscal Cosanta. Tagann an Stiúrtóireacht faoi údarás Ardcheannasaí Tatmadaw, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing atá ar liosta an Aontais, agus a bhfuil ceangal aige le roinnt pearsana éagsúla a bhfuil baint acu leis an arm nó a ceapadh san arm, mar shampla, an t-ardcheannasaí agus a ionadaí.</p>  | 20.2.2023 |

## ▼ M18

|     | Ainm   | Faisnéis chéannachta   | Cúiseanna   | Dáta an liostaithe |
|-----|--|--|---|--------------------|
|     |  | <p>An Leifteanant-Ghinearál, Thein Htay;</p> <p>An tAire Cosanta, an Ginearál Mya Htun Oo;</p> <p>Eintitis chomhlachaithe eile: Myanmar's Ministry of Defense</p>  | <p>Mar sin, tá Stiúrthóireacht Thionscail Cosanta Mhaenmar faoi smacht Fhórsaí Armtha Mhaenmar, ó bhí <i>coup</i> an 1 Feabhra 2021 ann san áireamh. Cuireann sí ar chumas arm Mhaenmar gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanamh i gcoinne shibhialtaigh Mhaenmar agus, dá bhrí sin, tá ról lárnach aici ó thaobh an fhoréigin atá go forleathan i Maenmar ó bhí an <i>coup</i> ann a ghríosú.</p>  |                    |
| 14. | Myanmar Directorate of Defense Procurement (Stiúrthóireacht um Sholáthar Cosanta Mhaenmar) | <p>Seoladh: Nay Pyi Taw, Myanmar;</p> <p>An cineál eintitis: roinn riaracháin;</p> <p>Áit chláraithe: Myanmar;</p> <p>Daoine aonair comhlachaithe: Ardcheannasaí Fhórsaí Armtha Mhaenmar, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing;</p> <p>An Leifteanant-Ghinearál, Thein Htay;</p> <p>An tAire Cosanta, an Ginearál Mya Htun Oo;</p> <p>Eintitis chomhlachaithe eile: Myanmar's Ministry of Defense</p> | <p>Is Roinn faoi dhlínse na hAireachta Cosanta í Stiúrthóireacht um Sholáthar Cosanta Mhaenmar a fheidhmíonn freisin mar eintiteas atá i gceannas ar airm agus trealamh míleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).</p> <p>Tagann an Stiúrthóireacht um Sholáthar Cosanta faoi údarás Ardcheannasaí Tatmadaw, an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing, agus dá bhrí sin, tá baint aige le roinn daoine aonair agus le heintitis atá ar liosta an Aontais, lena n-áirítear an tArd-Ghinearál Min Aung Hlaing.</p> <p>Mar sin, tá an Stiúrthóireacht um Sholáthar Cosanta faoi smacht Fhórsaí Armtha Mhaenmar, ó bhí <i>coup</i> an 1 Feabhra 2021 ann san áireamh. Cuireann sí ar chumas arm Mhaenmar gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanamh i gcoinne shibhialtaigh Mhaenmar agus, dá bhrí sin, tá ról lárnach aici ó thaobh an fhoréigin atá go forleathan i Maenmar/Burma ó bhí an <i>coup</i> ann a ghríosú.</p>                               | 20.2.2023          |
| 15. | Asia Sun Group   | <p>Eintitis chomhlachaithe eile: Asia Sun Trading; Asia Sun Energy</p>   | <p>Tá baint ag Asia Sun Group leis an slabhra trína soláthraítear breosla eitlíochta don arm. Tá baint ag cuideachtaí Asia Sun Group, trína bhfochuideachtaí, Asia Sun Trading agus Asia Sun Energy, le breosla eitlíochta a allmhairiú. Bhí baint ag Asia Sun Trading le breosla eitlíochta a allmhairiú ón Téalainn, breosla d'Aerfhórsa Mhaenmar, ar a laghad faoi dhó in 2022.</p> <p>D'ionsaigh réimeas míleata Mhaenmar targaidí sibhialtach d'aon turas agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach le héileacaptair, aerárthaí troda agus dróin, agus gortaíodh a lán daoine, leanaí san áireamh, go dona i gceantair chónaitheacha. Rinne an <i>junta</i> 268 n-aer-ionsaí ar a laghad, inar díriodh ar an bpobal sibhialtach ar fud Mhaenmar/Burma idir Deireadh Fómhair 2021 agus Meán Fómhair 2022. Maraíodh ar a laghad 155 shibhialtach sna hionsaithe, gortaíodh 190 duine ar a laghad agus scriosadh tithe agus foirgnimh reiligiúnacha.</p> | 20.2.2023          |

▼ **M18**

|     | Ainm   | Faisnéis chéannachta  | Cúiseanna  | Dáta an liostaithe |
|-----|--|---|--|--------------------|
|     |  |   | Dá bhrí sin, is duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht é Asia Sun Group atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a ghineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe as Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw).  |                    |
| 16. | Dynasty International Company Limited<br><br>(ar a dtugtar freisin Dynasty Group of Companies) | Seoladh: Waizayangdar Rd., no. 15, Ngwe Kyar Yan Quarter, South Okkalapa Township, Yangon Region, Myanmar;<br><br>Áit chláráithe: Myanmar;<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Aung Moe Myint (Úinéir);<br><br>Myo Thitsar (Stiúrthóir);<br><br>R-phost: <a href="mailto:dynastygroup@myanmar.com.mm">dynastygroup@myanmar.com.mm</a> | Is cuideachta Bhurma a bhunaigh an bróicéir arm Aung Moe Myint é Dynasty International Company Limited.<br><br>Baineadh úsáid as an gcuideachta chun margáí arm a éascú thar ceann arm Bhurma, lena n-áirítear páirteanna aerárthaí a allmhairiú chun tacú le haerfhórsa Mhaenmar aer-ruathair a dhéanamh ar shráidbhailte agus ar bhonneagar sibhialtach.<br><br>Dá bhrí sin, is duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht é Dynasty International Company Limited atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a ghineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe as Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw). | 20.2.2023          |

▼ **M21**

|     |   |  |   |           |
|-----|---|--|---|-----------|
| 17. | International Gateways Group of Company Limited (ar a dtugtar IGGC freisin, ar a dtugtar IGG freisin) | Seoladh: Kyaik Wine Pagoda Road, No. 19, Myaing Hay Wun Housing, 8-Mile, Mayangone, Yangon, Maenmar;<br><br>nó<br><br>Thamadi Street,, No. 4-1/3, 8th Quarter, Mayangone Township, Yangon region, Maenmar;<br><br>Ríomhphost: <a href="mailto:international-gateways@gmail.com">international-gateways@gmail.com</a><br><br>Áit chláráithe: Maenmar;<br><br>Duine aonair comhlachaithe: Naing Htut Aung (stiúrthóir agus scair-shealbhóir aonair)<br><br>Eintiteas comhlachaithe: MEHL | Is comhstíúrthóir é Naing Htut Aung an gcuideachta International Gateways Group of Company Limited (IGGC) agus a oibríonn san earnáil trádála. Chuir sé cistí ar fáil mar an deontóir aonair is mó d'Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw) in 2017, ag imeachtaí tiomsaithe airgid a bhí ag an Ardcheannasaí Min Aung Hlaing le haghaidh 'oibríochtaí imréitigh' in Rakhine. Ina theannta sin, dheonaigh IGGC airgead don Tatmadaw in 2023 ar Lá na bhFórsaí Armtha.<br><br>Ina theannta sin arís, bhí baint ag IGGC le soláthar arm don Tatmadaw, lena n-áirítear trealamh míleata agus earraí dé-úsáide, a úsáideadh i gcoinne an phobail shibhialta agus agóideoirí ar fud na tíre. Dá bhrí sin, thug IGGC tacaíocht don Tatmadaw agus bhí sé páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhaenmar/Burma i mbaol. | 20.2.2023 |
|-----|---|--|---|-----------|

▼ **M18**

|     | Ainm                        | Faisnéis chéannachta   | Cúiseanna  | Dáta an liostaithe |
|-----|-----------------------------|--|--|--------------------|
| 18. | Sky Aviator Company Limited | Seoladh: No.(204/2), (14/1)Ward, Myinthar (11)th Street, Southokkalapa, Yangon, Myanmar;<br><br>Áit chláraithe: Myanmar;<br><br>Duine aonair comhlachaithe: Kyaw Min Oo (Stiúrthóir Bainistíochta) | Is cuideachta é Sky Aviator Company Limited a bhunaigh Kyaw Min Oo.<br><br>D'éascaigh sé margáí arm thar ceann mhíleata Bhurma, lena n-áirítear allmhairiú páirteanna aerárthaí. Faoi rialú Kyaw Min Oo, is príomhsholáthraí páirteanna aerárthaí míleata é Sky Aviator d'arm Bhurma. Ó bhí an <i>coup</i> ann i mí Feabhra 2021, tá an iliomad lastas arm faighte ag Sky Aviator ó eintitis ar forchuireadh smachtbhannaí orthu.<br><br>Dá bhrí sin, is duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht é Sky Aviator Company Limited atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Fhórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw), nó a gheineann ioncam thar a gceann, a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh, nó a bhaineann tairbhe as Fórsaí Armtha Mhaenmar (Tatmadaw). | 20.2.2023          |

▼ **M20**

|     |                                |  |  |           |
|-----|--------------------------------|--|--|-----------|
| 19. | No. 2 Mining Enterprise (ME 2) | Seoladh: Ywargout Quarter, Pyinmana Township, Nay Pyi Taw, Myanmar/Burma;<br><br>An cineál eintitis: Fiontar faoi úinéireacht stáit (SOE)<br><br>Áit chláraithe: Maenmar/Burma;<br><br>Príomhionad gnó: Maenmar/Burma;<br><br>Uimhir theileafóin: 09 – 067-22126 | Is fiontar faoi úinéireacht Stáit (SOE) é <i>No. 2 Mining Enterprise (ME 2)</i> atá ag feidhmiú faoin Aireacht um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú an Chomhshaoil (MONREC) agus a fheidhmíonn mar rialtóir don earnáil táirgthe agus margáíochta miotal neamhfheiriúil. Dá réir sin, tá an chumhacht ag SOE ceadanna a dheonú agus cuid den cháin a bhailiú ar bhrabúis a dhéanann cuideachtaí príobháideacha atá in 'conarthaí maidir le comhroinnt táirgeachta' mar a thugtar orthu nó i gcomhfhiontair le ME 2.<br><br>Cheap an Chomhairle Riaracháin Stáit (SAC) an tAire um Acmhainní Nádúrtha agus Caomhnú Comhshaoil, U Khin Maung Yi, comhairle a ghlac seilbh ar chumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha an Stáit an 2 Feabhra 2021.<br><br>Ó tharla an <i>coup</i> míleata, fuair an réimeas míleata smacht ar SOE agus tairbhíonn sé díobh, lena n-áirítear <i>No. 2 Mining Enterprise</i> . Dá bhrí sin, tá <i>No. 2 Mining Enterprise</i> á rialú ag fórsaí armtha Mhaenmar (Tatmadaw) agus gineann sé ioncam dó, rud a chuireann lena chumas gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta.<br><br>Thairis sin, tá páirt glactha ag <i>No. 2 Mining Enterprise</i> i dtionscadail éagsúla, agus/nó rinne sé maoirseacht orthu, a bhaineann le foréigean a rinne fórsaí armtha Maenmar (Tatmadaw) in aghaidh an pobail shibhialta agus lena sáraítear a gcearta is bunúsáí, lena n-áirítear trí choigistiú talún agus athlonnú éigeantach. | 20.7.2023 |
|-----|--------------------------------|--|--|-----------|